**Miontuairiscí ó chruinniú de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a reáchtáladh in Áras na Caibidle ag 9:30 a.m. ar an 22 Meán Fómhair 2023**

**I láthair (an Bord):** Tom Moran (Cathaoirleach), Anne-Marie Taylor, Margaret McCabe, An Dr Eddie Molloy, Fiona Quinn, Anne Marie Hoey, Mr. Colin Menton*, Catherine Dobbins (Rúnaí).

**Freastal fíorúil*

Leithscéalta: Mary Connaughton, Yvonne Cooke.

---

**Miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh agus ceisteanna a tháinig chun cinn**

Glacadh leis na miontuairiscí.

**Dearbhuithe Leasa**

Ní dhearnadh dearbhú leasa ar bith.

**Tuairiscí don Bhord**

<u>Tuairisc Oibríochta</u>

Luaigh an Bord an Tuairisc ar Ghníomhaíocht Oibríochta (agus na páipéir thacaíochta a bhaineann léi), a cuireadh thart roimh an gcruinniú. Chuir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) in iúl don Bhord go ndearnadh athbhreithniú ar na páipéir lena chinntiú nach raibh ach faisnéis thábhachtach iontu, agus go ndéanfar athbhreithniú ar an tuairisciú faoin na Boird Stáit roimh an gcéad chruinniú eile.

Chuir an POF an scéal is déanaí maidir leis an tionscadal Nova ar fáil. Luaigh sí go raibh an próiseas foirmiúil meastóireachta ar siúl. Chuir sí in iúl don bhord go ndearna athbhreithniú ar na hamlínte. Baineadh úsáid as faisnéis ó cháipéisí sna freagraí ar an tairiscint agus ón dul chun cinn go dtí seo ar an bpróiseas meastóireachta mar bhonn eolais ar an athbhreithniú seo. Luaigh sí go gcríochnófar an mheastóireacht faoi Ráithe 4, lena n-áirítear taispeántas ón díoltóir, agus críochnófar an ré aithrí i Ráithe 1, 2024 agus cuirfear tús leis an gcur i bhfeidhm i Ráithe 1 chomh maith. Thug an Bord faoi deara go mbeadh sé tábhachtach a bheith réadúil maidir leis an tréimhse ama a bheadh de dhíth chun an conradh a aontú, rud a bhí ina dheacracht i gconarthaí eile sa tseirbhís phoiblí, ach go mbeadh sé fíorthábhachtach na spriocamanna in 2024 a bhaint amach.

Dúirt an POF leis an mBord go bhfuiltear ag baint amach na spriocdhátaí chun feachtais a chur i bhfeidhm go dtí seo i mbliana (ráta 81%, agus 92% i Ráithe 3 go dtí seo). Dúirt sí go raibh ráta 75% ag baint le hEarcaíocht don Choimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil go dtí seo i mbliana, feabhas mór i gcomparáid leis an gcuid níos luaithe den bhliain. Chuir an Bord fáilte roimh an bhfeabhas seo, rud a admhaíodh sa chóras. Tugadh faoi deara go raibh ráta 16% ag baint leis na feachtais maidir le hEarcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha, go páirteach de bharr an leibhéil éilimh in earnáil na nÚdarás Áitiúil agus de bharr na fála a bhí ann ar bhaill bord roghnúcháin. Aontaíodh go ndéanfar athbhreithniú agus tagarmharcáil ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta sa réimse seo go seachtrach.

D'inis sí don Bhord go bhfuil ceapacháin sna gráid ghinearálta suas go dtí 28%, ach go bhfuil an ráta seo an-íseal fós; cé go bhfuil an ráta ag feabhsú, tá riaráiste mór ann agus cuirfidh sé sin isteach ar an tréimhse ama a bheidh i gceist chun an sprioc 80% a bhaint amach. Thug sí faoi deara go bhfuil an riaráiste ag laghdú go mór gach mí. Tugadh faoi deara go bhfuiltear ag leanúint de bheith i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe agus le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (Civil Service Management Board) faoin gceist seo, agus faoin gceist níos leithne maidir le conas iarrthóirí a mhealladh. Bhí plé maidir leis an éileamh sa réimse seo agus tugadh faoi deara go bhfuil éileamh mór ann fós ar fhoireann riaracháin in ainneoin an mhéadaithe i seirbhísí ar líne agus an mhéadaithe san uathoibriú; aontaíodh go dtiocfaidh athrú ar an rud is obair ann agus ar na scileanna a bheidh ag teastáil, ach tá éileamh mór ann fós ar fhoireann seirbhíse ginearálta.

Thug an Bord faoi deara go raibh imní ann maidir le caighdeán de bharr laghdú ar an bhfoireann agus de bharr na deacrachta atá ann iarrthóirí a mhealladh. Aontaíodh go bhfuil sé fíorthábhachtach breathnú ar an tairiscint atá an Státseirbhís ag cur ar fáil don phobal agus iarracht a dhéanamh réimse níos leithne iarrthóirí a mhealladh. Rinne an POF cur síos ar na deacrachtaí ar leith a bhaineann le hArdoifigigh Feidhmiúcháin a earcú de bharr an easpa iarrthóirí inmheánacha. Aontaíodh go measfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe conas an líon iarrthóirí a leathnú agus chuir an Bord fáilte roimh phleananna de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse a machnamh a dhéanamh ar an réimse seo, toisc gur tuairim an Bhoird é go mbeadh an grád seo tábhachtach chun iarrthóirí cumasacha seachtracha a thabhairt isteach sa Státseirbhís.

Thóg an POF an scéal is déanaí don Bhord maidir le cruinniú deireanach fhoghrúpa Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus thug sí faoi deara go mbreathnóidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (an SCP) sa bhreis ar na hamlínte maidir le hOifigeach Cléireachais Sealadach agus Oifigeach Cléireachais. Measfaidh an SCP na roghanna maidir le hiarrthóirí a cheapadh i roinnt Ranna, ag brath ar imréiteach (ag brath ar mheasúnú riosca). Tugadh faoi deara go mbunóidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe cláir le haghaidh printíseach, fostaithe atá ag filleadh, intéirneachtaí agus oibrithe páirtaimseartha, agus go n-oibreoidh siad i gcomhar leis an SCP chun líon na n-iarrthóirí a leathnú.

Thóg an POF an scéal is déanaí don Bhord faoi na gníomhartha ón gcruinniú deireanach atá fós le déanamh. Aontaíodh nár cheart go mbeadh an SCP ag tomhas agus ag tuairisciú ach amháin ar na gnéithe den phróiseas don Choimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil a bhfuil smacht ag an SCP orthu, agus go bhfuil comhaontú seirbhíse ag teastáil leis an gCoimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil maidir lena gcuid freagrachtaí sa phróiseas. Tugadh faoi deara go ndearnadh athrú ar an bpríomhtháscaire feidhmíochta sa chaoi go dtuairiscítear anois ar fheachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil ag céim an réamhagallaimh seachas ag céim na fógraíochta, agus go bhfuiltear ag dréachtú comhaontú seirbhíse (ach tá sé ag brath ar chomhaontú maidir le ról an SCP amach anseo i gcomórtais de chuid an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil, comórtais do speisialtóirí ina measc). Tugadh faoi deara go gcaithfear an tuarascáil de chuid an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil a tháinig amach le déanaí, agus an plé atá ag dul ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe maidir leis an tuarascáil seo a chur san áireamh sa chomhaontú seirbhíse seo. Aontaíodh an Bord go mbeadh sé úsáideach cur i láthair a fheiceáil faoi na himpleachtaí don SCP a thagann chun cinn ón tuarascáil de chuid an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil.

Bhí sé aontaithe chomh maith ag an SCP smaoineamh faoi chóras ar líne a chur ar bun ina mbeidh sé ar chumas iarrthóirí iad féin a chur chun cinn do róil ar leith, ionas go mbeidh na

hiarrthóirí agus na róil ag teacht níos fearr le chéile. Tugadh faoi deara nach bhfuil dóthain faisnéise ann faoi láthair ó na cliaint chun a leithéid a dhéanamh, ach go mbeidh sé sin mar chuid de Nova agus beidh teagmháil leis na cliaint ina thaobh seo mar chuid den athbhreithniú ar fhiúntas.

Aontaíodh chomh maith gur chóir go ndéanfaidh an SCP comhaontaithe seirbhíse le cliaint ina mbeidh cur síos ar fhreagrachtaí na gcliant agus ar na hiompraíochtaí a mbeifear ag súil le feiceáil uathu; tugadh faoi deara gur cumadh dréacht-chomhaontú seirbhíse agus go leathfar amach go luath é.

<u>Bainistíocht Riosca</u>

Thug an Bord faoi deara an Clár Rioscaí Corparáideach a cuireadh ar fáil in éineacht le cáipéisí an Bhoird.

<u>Staid Airgeadais</u>

Thug an Bord faoi deara go raibh Tuarascáil Airgeadais dheireadh mhí Lúnasa san áireamh i gcáipéisí an Bhoird. Thug an POF faoi deara go mbeidh an párolla san iomlán go neamhfhabhrach agus go bhfuil sé i gceist cistí a aistriú ó chaipiteal chun na costais bhreise seo a chlúdach, mar a aontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe. Tugadh faoi deara go bhfuil costais A2 eile go neamhfhabhrach freisin de bharr leibhéal an éilimh earcaíochta agus ardchostais oibríochtúla. Tugadh faoi deara go bhfuil an caiteachas ar Project Nova ar gcúl sa sceideal, agus nach mbeidh iomlán an leithdháilte don bhliain ag teastáil de bharr go cuireadh le fad an phróisis soláthair; dá mbeadh farasbarr sa mhaoiniú don tionscadal táthar ag súil na cistí a aistriú go buiséad an chaiteachais reatha, chun caiteachas a chlúdach i gcostais phárolla agus earcaíochta. Aontaíodh go n-athrófar an insint maidir le Leithghabháil i gCabhair chun na costais ar cúitíodh iad ó na cliaint a chur san áireamh.

D'inis an POF don Bhord go mbeidh an SCP ag bualadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe ar an Luan maidir lenár n-aighneacht meastachán. Is iad seo a leanas na cúrsaí is mó tionchair ar an gcaiteachas: earcaíocht seirbhíse ginearálta, scóip níos leithne na seirbhísí, soláthar foirne, iarrthóirí a mhealladh agus a spéis a mhúscailt, agus costais oibríochtúla.

**An tEolas is Déanaí ón gCoiste Iniúchta**

Thug an Bord faoi deara an dá thuarascáil iniúchóra a bhí san áireamh i gcáipéisí an Bhoird chomh maith leis na miontuairiscí ó chruinniú deireanach an Choiste Iniúchóireachta. D'aontaigh ainmní an Bhoird ar an gCoiste Iniúchóireachta gur theastaigh na tuarascálacha leis an gCoiste agus go bhfuair siad uasdátú maith ón DPO. Thug sí faoi deara freisin go raibh an Coiste lánsásta le feidhmíocht Mazars.

**Ainmní an Bhoird ar an gCoiste Iniúchóireachta**

D'aontaigh an Coiste a machnamh a dhéanamh ar an gceist seo níos déanaí, nuair a bheidh an bheirt bhall nua ann. Tugadh faoi deara go bhfanfadh ainmní an Bhoird roimhe seo ar an gCoiste Iniúchóireachta mar bhall seachtrach lena a chinntiú go mbeidh leanúnachas ann.

**Cód Eitice agus Cód Iompair Gnó an SCP**

D'aontaigh an Bord athbhreithniú breise a dhéanamh ar na rudaí seo lena chinntiú go léiríonn siad go soiléir conas an cultúr agus na luachanna atá ag teastáil a léiriú san SCP.

Tugadh faoi deara gur rud lárnach é an t-ionracas in obair an SCP agus gur fíorthábhachtach é ról bhaill na mbord roghnúcháin lena chinntiú go bhfuil an t-ionracas ann agus chun luachanna an SCP a chosaint.

**Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Acmhainne**

Phléigh an Bord na dréacht-théarmaí tagartha. D'aontaigh an Bord go mbeadh an tionscadal seo fíorthábhachtach chun rath a chur ar Nova agus go dtacóidís go mór leis. D'aontaigh an Bord gur chóir go mbeadh roinnt faisnéis breise sna Téarmaí Tagartha maidir leis an gceangal le Nova agus go gcuirfear thart arís iad don Bhord nuair atá siad leasaithe. Dhearbhaigh an Feidhmeannach go bhfuil sé ceadaithe sa bhunphróiseas soláthair go mbeidh Grant Thornton in ann an tAthbhreithniú Acmhainne seo a dhéanamh.

**An Chéad Chruinniú Eile agus Aon Ghnó Eile**

Thug an Cathaoirleach faoi deara go mbeidh an chéad chruinniú eile ar líne más gá. Thug sé faoi deara gur féidir nach mbeidh cruinniú ag teastáil i mí Dheireadh Fómhair ós rud é gur tharla cruinniú agus Seisiún Straitéise inniu, toisc gur beag seans go mbeidh na Baill nua den Bhord ann fós faoin am sin.

**Miontuairiscí ó Sheisiún Straitéise de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, a reáchtáladh in Áras na Caibidle ag 11:30 a.m. ar an 22 Meán Fómhair 2023**

**I láthair (an Bord):** Tom Moran (Cathaoirleach), Anne-Marie Taylor, Margaret McCabe, An Dr Eddie Molloy, Fiona Quinn, Anne Marie Hoey, Catherine Dobbins (Rúnaí).

**Bord Bainistíochta**: Niall Leavy, Aoife Lyons, Eimear O'Connor, Sandra Cairns, Sinead Coleman, Michelle Noone, Fiona Morgan.

**Leithscéalta**: Mary Connaughton, Yvonne Cooke, Colin Menton, Rosemarie O'Mahony, Aileen Tuliani.

---

**Cainteoir Seachtrach**

D'fhreastail Daniel Gerson OECD ar an seisiún ó chian agus rinne sé cur i láthair faoi conas an chéad ghlúin eile a mhealladh chuig gairmeacha beatha sa tseirbhís phoiblí. Bhí plé úsáideach ag an mBord tar éis an cur i láthair.

**Cur Chuige i leith Fiúntais**

Thug an Bord faoi deara gur cuireadh cáipéis ina leith seo thart roimh ré. Rinne Aoife Lyons agus Catherine Dobbins cur síos ar na cúiseanna go bhfuil cur chuige nua ag teastáil, agus conas a d'fhéadfadh é a chur i bhfeidhm. Tugadh an scéal is déanaí don Bhord maidir leis an gcomhairliúcháin go dtí seo, agus thug an Bord faoi deara go mbeadh comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe dá n-aontódh an Bord leis an gcur chuige seo. D'aontaigh an Bord go mbainfidh na cliaint agus na hiarrthóirí tairbhe as an gcur chuige atá molta agus go gcabhródh sé le hiarrthóirí a mhealladh. Aontaíodh gur chóir go rachadh an SCP i dteagmháil leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe, agus gur chóir an cur chuige a leathadh amach de réir a chéile. Beifear in ann an cur chuige a leasú le himeacht aimsire, bunaithe ar an méid a foghlaimíodh sna tionscadail phíolótacha.

**Intleacht Shaorga san Earcaíocht**

Thug Aoife Lyons agus Carl Boyle cur i láthair faoin intleacht shaorga san earcaíocht agus rinne siad cur síos ar an obair atá ar bun ag an SCP sa réimse seo. D’aithin an Bord go bhfuil an SCP ag smaoineamh faoi na rioscaí agus faoi na buntáistí araon sa réimse seo agus d’aontaigh an Bord gur chur chuige réasúnta é seo.

**An Creat Cur Chun Feidhme Straitéise**

D’aithin an Bord an dréacht-Chreat a bhí ar fáil roimh ré. Thug Stephen Buckley cur i láthair ar an gCreat agus ar chur chuige an SCP i leith cur chun feidhme na straitéise. D’admhaigh an Bord go bhfuil ról tábhachtach ag na cliaint chun an SCP a thacú agus go bhfuil gá ann le haghaidh cur chuige lárnach maidir le foireann a choinneáil. Chuir an Bord fáilte roimh an teagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe maidir le rochtain a fháil ar shonraí eile chun cuidiú leis an SCP a thuiscint an bhfuiltear ag coinneáil daoine ceaptha, agus conas atá ag éirí leo ina ngairm bheatha tar éis dóibh a bheith ceaptha.

Aontaíodh go gcuirfeadh an Bord a ainm ar an gCreat seo tar éis do na príomhtháscairí feidhmíochta a bheith tugtha chun críche.